GRÁSTA[1]

Deineadar beirt fhear uasal a bhádar sa leithreas agan am iarracht é a thógáil ón urlár: acht baí sé gan mhothú. Baí sé ina chnap ag bun an staighre a thit sé síos. Éirigh leo a chasadh aghaidh in airde. Bhí a hata rollta cúpla slat uaidh agus bádar a chuid éadaí smeartha la brocamas is la bréantas an urláir arar luigh sé, a aghaidh la talamh. Bádar a shúile dúnta agus baí cnead ina anáil. Sil sruth tanaí fola ó chorr a bhéil.

Iompraíodar an bheirt fhear uasal agus duine de fearaibh beáir suas staighre é gur leagadar anuas ar urlár an bheáir. Fo chionn dhá nóiméad baí fáinne fear thart air. Ceistigh bainisteoir an tí óil cérbh é agus cé a baí ina theannta. Ní rabh aithne ag duine ar bith air acht dúirt duine dena fearaibh beáir gur dhíol rum beag leis.

“An rabh sé leis féin?” a fhiafraigh an bainisteoir.

“Ní rabh, a mháistir. Bádar beirt fhear uasal leis.”

“Agus cá bhfuilid?”

Ní rabh a fhios ag aon duine; dúirt duine éigin:

“Ligighí a anáil leis. Tá sé tite i laige.”

Leathnaigh an fháinne amach gur druid la chéile arís mar a bheth crios leaisteach inti. Do chruinnigh pátrún dorcha fola gar do chionn an fhir i mbearnaibh an urláir teasaláidigh. Cuir mílí an fhir alltacht aran bhainisteoir, agus cuir seisean fios ar phóilín.

Scaoileadh a bhóna agus a charbhat. Oscail sé a shúile ar feadh nóiméid, gur lig osna agus dún arís iad. Baí hata síoda a rabh ding ann i leathláimh ag duine dena fearaibh uaislibh a d’iompraíodar suas staighre é. Fiafraigh an bainisteoir arís agus arís eile an rabh a fhios ag aon duine cérbh é an fear gortaithe nó cár imíodar a chairde. Oscail an doras agus táinig póilín mór millteach isteach. An slua a lean síos an lána é, cruinníodar lasmuigh dho ghliúcaíocht trí phainéil ghloine an dorais.

Ríomh an bainisteoir a rabh ar eolas aige láithreach bonn. Éist an póilín. Ba fhear óg la haghaidh mhosach é. Iompaigh a cheann go mall ó dheis go clé agus ón bhainisteoir gusan nduine aran urlár, mar a bheth faitíos air go mbeidís rudaí á samhlú dhó. Ansin bain a láimhín de, tarraing leabhrán óna bhásta, fliuch a phionsail agus ullmhaigh é féin fo choinne scríofa síos. Ceistigh de ghuth a rabh rian den amhrais air agus a rabh blas tuaithe air:

“Cé hé an fear?” Céard is ainm agus is seoladh dhó?

Gearr fear óg i gculaith rothaíochta bealach dhó féin tresan lucht féachana. Caith é féin ara ghlúine os comhair an fhir ghortaithe agus glaoigh ar uisce. Chuaigh an póilín ara ghlúine freisin do chúnamh. Glan an fear óg an bhfuil ó bhéul an fhir ghortaithe agus glaoigh ansin ar bhraon branda. Glaoigh an póilín arís eile air i nglór n-údarásach gur táinig fear beáir de shodar lasan ngloine. Cuireadh an branda siar scornach an fhir. I gcionn cúpla soicind oscail sé a shúile agus féach timpeall air. Féach aran fháinne daoine, agus iar dtuidheacht a thuisceana dhó, tug iarracht ar éirí ina sheasamh.

“Taoi ceart go leor anois?” a fhiafraigh an fear óg gléasta i bhfeistis rothaíochta.

“Dhera, níl caill orm,” a dúirt an fear gonta agus é ag iarraidh seasaimh suas.

Tugadh cúnamh dhó dul ara chosa. Dúirt an bainisteoir rud éigin fon ospidéul agus tugadar daoine áirithe den tslua féachadóirí a gcomhairle. Cuireadh an hata basctha síoda ar chloigeann an fhir. Fiafraigh an póilín:

“Cá bhfuilir i do chónaí?”

Tosaigh an fear ag cur fuinnimh ina chroiméal acht freagra níor thug. Dein sé beag is fiú dá thimpiste. Níor dhada é, a dúirt: ní rabh inti acht timpiste bheag. Baí sé ag mungailt a fhocal:

“Cá bhfuil cónaí ort?” a deir an póilín an athuair.

Iarr an fear tacsaí. Agus an cheist sin á plé, táinig fear uasal anonn ón taobh eile den bheár. Baí sé ard lúfair gealchraicneach agus baí cóta ultach buí á chaitheamh aige. Iar dtuidheacht i láthair dó, dúirt de ghlór ard:

“Haló, Tom, a sheanbhuachaill! Céard is cor duit?”

“Dhera, ní dada é,” ar an fear.

Bhreathnaigh an núíosach aran bhfeic mbocht osa chomhair gur dírigh a shúile aran bpóilín agus dúirt:

“Tá sé ceart go leor, a chonstábla. Tionlacfad abhaile é.”

Cuir an póilín lámh ina chlogad agus freagair:

“Tá go maith, Mr Power!”

“Gabh i leith, Tom,” a dúirt Mr Power, ag breith ar lámh a charad dó. “Níl cnámh briste, an bhfuil? An bhfuil siúil agat?”

An fear óg sa chulaith rothaíochta, tacaigh la lámh eile an fhir agus fágadar an slua an mbealach acu.

“Cén chaoi a tharraingís an riocht seo ort féin?” a fhiafraigh Mr Power.

“Tit an fear uasal síos an staighre,” a dúirt an fear óg.

“’áim go mó’ fo chomaoi’ aga’, a dhuine ua’a’,” ar an fear gortaithe.

“Fáilte romhat.”

“Beidh ‘eoch beag...”

“Ní bheidh anois, ní anois.”

Fágadar an triúr fear an dteach óil, agus brúdar an slua tresna doirse amach gur plódadar an lána. Tug an bainisteoir an bpóilín gusan staighre dho scrúdú láthair na timpiste. Is í an mheabhair a bhaineadar beirt as gur thuisligh an fear uasal. Filleadar na custaiméirí agus crom fear beáir ar ghlanadh gach rian fola ón urlár.

Iar dtuidheacht amach ar Shráid Grafton dóibh, lig Mr Power feadaíl ar charr cliathánach.[2] Dúirt an fear gortaithe arís eile chomh maith agus a tháinig dó:

"'áim go mó' fo chomaoi' aga', a dhuine uaha', thá húil agam go gca'faimidh ara chéi'e arís. *Kernan* i' ai'm dhom."[3]

An gheit agus an phian, a baí ina tús, bhaineadar an meisce dhe píosa.

"Tá fáilte romhat," a dúirt an fear óg.

Croitheadar lámh lana chéile. Ardaíodh Mr Kernan aran gcarr. Agus Mr Power ag insint an tseolta don tiománaí, tug Mr Kernan a bhuíochas in iúl don fhiur óg agus dúirt go rabh aiféala air nach mbeadh deoch acu la chéile.

"Am éigin eile," ar an fear óg.

Imigh an carr leis i dtreo Shráid Westmoreland. Leathuair tar éis a naoi an t-am ar chlog an *Ballast Office* agus an carr ag dul thairis. Buail gaoth ghéar iad ó bhéal na habhann anoir. Baí Mr Kernan cuachta craptha isteach ar féin lasan bhfuacht. Fiafraigh a chara dhe conas ar tharla an timpiste.

"Ní'm in acmhainn," ar sé, "thá mo theanga ghontha."

"Taispeáin dom."

Luigh an fear óg thar phortbhalla an chairr agus féach i mbéal Mr Kernan acht níor léir dó. Las cipín soilse agus tug foscadh dhó i gcuas a bhos gur glinnigh arís sa bhéal a d'oscail Mr Kernan go géilliúil. Bog an cipín anonn is anall la luascadh an chairr. Bádar na fiacla íochtaracha agus na gumaí clúdaithe la fuil théachta agus ba chosúil gur baineadh greim beag as earr na teangan. Múch an gcipín.

"Tá drochbhail uirthi."

"Dhera, tháim thogh," a dúirt Mr Kernan, iar ndúnadh a bhéil dó agus cas cába brocach a chóta aníos thara mhuineál.

Ba thaistealaí tráchtála den tseandéanamh a chreideadh i ndínit a ghairm é Mr Kernan. Ní fheictí riamh sa chathair é gan a hata síoda agus loirgneáin mhaithe air. Cuirid an dá bhall éadaí seo crot is críoch ar fhear, a deireadh sé. Leanadh sé stíl sean-nósach i gcónaí – chaitheadh cóta mór Blackwhite de stíl *Napoleon*. Mheabhríodh a iompar agus a cháil Napóleon féin duit scaití. Comhlachta nua gona ndóigheannaibh nuaibh gnó, níor ligeadar leis acht oifig bheag ar Shráid Crowe go n-ainm agus seoladh a ghnólachta aran fhuinneoig – London, E.C. Ar mhatal na hoifige bige seo d'fheicteá cathlán bhoicsíní stáin ar dhath na luaithe agus d'fheicteá cheithre nó chúig bhabhla Shíneach aran tábla a bhídís leath-lán de leacht dubh de ghnáth. Bhlaiseadh Mr Kernan tae ósna cuachaibh seo. Bhaineadh súimín as cionn díobh, d'fhliuchadh a theanga leis agus chaitheadh aran ngráta é. Ansin stopadh la meas an tae.

Baí Mr Power i bhfad níos óige ná é. Oibrigh in Oifig Chonstáblacht Ríoga na hÉireann i gCaisleán Átha Cliath. De réir mar a chuaigh Mr Kernan la fána, éirigh seisean ina dhuine uasal. Roinnt de chairdibh Mr Kernan a rabh aithne acu air i mbarr a réime áfach, baí meas acu air fós mar bhreac aisteach. Ba dhuine dena cairdibh sin é Mr Power. Baí sé ina dhíol suime aga aicme féin go rabh Mr Power i bhfiachaibh nár nocht sé an gcúis leo riamh; ba bhuachaill báire é.

Dein an carr fos os comhair tí big ar Bhóthar Glas Naíon agus tugadh cabhair do Mr Kernan siúl sa dteach. Cuir a bhean do luí é agus suigh Mr Power síos sa chistin do chur cainte arna gasúraibh. Fiafraigh dhíobh cá rabhadar ar scoil agus cén leabhar a bhaí á staidéar acu. Tuigeadar nach rabh smacht aga n-athair orthu mar gheall aran riocht ina rabh sé agus go rabh a máthair imithe asan tseomra – baí cead a gcinn acu ar feadh scaithimh. Tosaíodar ag pleidhcíocht la Mr Power. Bain a n-iompar agus a gcanúint siar as. Tar éis tamaill, táinig Mrs Kernan sa gcistin go ndúirt:

"A leithéid d'fheic! Ó, maróidh sé é féin lá éigean agus sin bun agus barr é. Níor lig den ól ó Dé hAoine."

Cuir Mr Power i gcion uirthi nárbh eisean fo deara a tharla dhó, gur tháinig aran láthair trí thimpiste agus trí thimpiste amháin. Ba chuimhin la Mrs Kernan go ndearna Mr Power idirghabháil stuama nuair a bhaí achrann ar siúl sa bhaile. Cuimhnigh ara liacht iasachtaí a thug. Ba iasachta beaga iad, acht bhádar tráthúil. Dúirt:

"Ó, ní call sin a rá liom, Mr Power. Tá a fhios agam gur cara leis thú, murab ionann agus cuid eile lana mbíos sé. Táid togh a fhad is atá airgead ina phóca aigesean do choinneáil óna mhnaoi agus óna chlainn. Cairde deasa iadsan! Cé a bhaí ina chuideachta anocht? Sin ba mhaith liomsa fionnadh.

Croith Mr Power a cheann acht ní dúirt focal.

"Tá an-aiféala orm," a lean sí, nach bhfuil aon cheo sa tigh dho thabhairt duit. Acht má fhanair nóiméad, cuirfead ceann dena páistíbh chun tí Fogarty agan chúinne."

Seas Mr Power suas.

"Bámar ag fanacht ara thuidheacht abhaile lasan n-airgead. Shílfeá nach bhfuil baile ar bith aige."

"Ó, anois, Mrs Kernan," cuirfimid ar bhealach a leasa é. Labród la Martin. Sin an buachaill. Tiocfaimid anseo oíche éigean dá phlé."

Tionlaic sí gusan ndoras é. Baí an tiománaí cairr ag spágáil suas síos an cosán agus é ag luascadh na lámh d'fhonn a théimh.

"Ba dheas duit a thabhairt abhaile," ar sí.

"Ná habair é," ar Mr Power.

Dreap sé sa gcarr. Cuir lámh ina hata go haerach agus an carr ag imeacht leis.

"Déanfaimid fear nua dhe," a dúirt sé. "Oíche mhaith, Mrs Kernan."

Breathnaigh Mr Kernan go mearbhlach aran charr go rabh sé imithe as radhairc. Ansin fill aran dteach agus folmhaigh pócaí a fir céile.

Ba bhean ghníomhach, tíosach scothaosta í. Rinne ceiliúradh ar chúig bliana fichead a pósta agus rinne ath-chumann lana fear la gairid – dhamhsaigh válsa leis agus Mr Power á dtionlacan. Ba ghalánta go leor léi Mr Kernan nuair a bhaí sé ag suirí léi: agus ritheadh sí go doras an tséipéil am ar bith a fuair amach fo bhainis agus, ag feiceáil na lánúine dhi, chuimhníodh aran lá a shiúl sí féin amach Séipéal Réalt na Mara i nDumhach Thrá i mbaclainn fir soilbhir biata, a bhaí gléasta go pointeáilte i gcasóg eireabaill agus i mbrístibh labhandair agus a bhaí hata síoda crochta go grástúil

fona láimh eile. Ba mhór an taitneamh an chuimhne dhi. I ndiaidh trí seachtaine, baí braon de shaol na mná pósta agus níos déanaí, nuair a rabh sí nach mór curtha thara fulaingt leis, d'éirigh ina máthair clainne. Níorbh fál go haer uirthi páirt na máthar agus rinne bainisteoireacht chríonna tí ar feadh chúig bliana fichid dá fiur. Cuireadh críoch ara dá mhac thaoiseach. Baí duine dhíobh ag obair i siopa éadaitheora i nGlaschu agus ba chléireach ag ceannaitheoir tae i mBéal Feirste an mac eile. Ba mhic mhaithe iad beirt. Scríobhaidís chuici go minic agus uaireanta sheolaidís airgead anall. Bádar na gasúir eile fós ar scoil.

Seol Mr Kernan litir gona oifig agus fan ina luí. Réitgh sise súram mairtfheola dhó agus tug leadhbairt mhaith dá teanga dhó. Fulaing a phótaireacht mhinic go foighneach mar a fhulaing an mbáisteach nó an ngaoth, thugadh chun bisigh é nuair a bhí sé breoite agus dhéanadh a dícheall bricfeásta a chur ann. Bádar fir chéile níos measa ná é sa tsaol. Níor bhuail sé riamh í ó d'fhás na buachaillí suas agus tuig sí go siúlfadh sé go barr Shráid Thomas agus ar ais arís chun oiread is margadh beag do dhéanamh.

Tángadar a chairde ar chuairt oíche chuige dhá lá ina dhiaidh sin. Tug sí suas chun a sheomra iad. Baí boladh a cholainne ann. Tug sí cathaoireacha cois na tine dhóibh. Cuir Mr Kernan guaim ara theanga, ar chuir pian nimhneach inti ar uairibh, chuir cantal air i rith an lae. Suí sé suas é i gcoinne na n-adhairteanna. Ba chosúil la cnámhóga leathbheo é an dearg ar éigean ara phucaibh ramhraibh. Gabh sé a leithscéal lana chairde fo anord an tseomra, acht tug súil orthu a rabh blas an uabhair inti mar sin féin. Ba é uabhar an tseanmhadra é.

Ní rabh tuairim dá laghad aige go rabh uisce fo thalamh i dtuidheacht a chairde. Nocht *Mr Cunnigham, Mr M'Coy* agus *Mr Power* an gcomhcheilg do Mrs Kernan sa pharlús.[4] Ba é Mr Power a smaoinigh aran rún acht ligeadh do Mr Cunningham barr feabhais do chur air. Ba de shliocht Protastúnach Mr Kernan agus, cé gur tiontaíodh chun an Chreidimh Caitlicigh é ag am a phósta, ní rabh fo thearmann na hEaglaise la fiche bliain anuas. Lana chos sin, baí sé de nós aige ligean corrfhocail fonóide fon Chaitliceachas.

Ba é Mr Cunningham an fear ceart agus cuí do chás mar seo. Baí sé níos sine ná Mr Power. Ní rabh gach rud sona sa bhaile aige féin. Baí an-trua ag daoinibh air mar baí a fhios acu gur phós sé bean gan náire a bhaí báite san ólachán. Chuaigh sé i gceann tí léi sé huaire; agus chuir sise an troscán i ngeall gach aon uair.

Baí meas ag gach aon duine ar Martin Cunningham bocht. Ba fhear stuama é amach is amach. Fear ceannasach éirimiúil. Baí a thuiscint aran duine daonna ina ghliceas aige fearacht lainne ar cuireadh faobhar uirthi la fad-thaithí chásanna cúirteanna agus a chuaigh i gcruacht la tumthaí gairide in uiscíbh na fealsúnachta ginearálta. Baí cur amach maith aige. Ghéillidís a chairde dá thuairimibh agus measadar go raibh sé cosúil la *Shakespheare* san aghaidh.

Iar bhfoilsiú an rúin di, dúirt Mrs Kernan:

"Fágaim fútsa ar fad, Mr Cunningham."

Tar éis cheathrú céid de shaol an phósta ba bheag seachrán uirthi fós. Ba ionann agus cleachtadh léi an Creideamh agus níor dhóigh léi go n-athríodh duine d'aois a fir mórán roimh a bhás. Ba bheag a bhéarfadh uirthi ceapadh go rabh díoltas ait ina thimpiste agus, murach nár mhaith léi go gceapaidís go rabh an faltanas inti, déarfadh leo nár dochar do theanga Mr Kernan gur giorraíodh í. Mar sin féin, ba fhear cumasach Mr Cunningham; ba chreideamh creideamh. B'fhéidir go ndéanadh an beart maitheas éigean agus, ara laghad ar bith, ní rabh dochar ann. Níor théadh sí thar fóir lana creideamh. Creid go daingean sa Chroí Ró-Naofa mar ábhar deabhóide ba mhó fónaimh agus ghlacadh lana sacraimintí. Ba iad fraitheacha a cistine teorann a creidimh acht, dá dtagtaí an crú

aran dtairne, bheadh sé d’acmhainn aici creideamh sa mhnaoi sí agus sa Spiorad Naoimh in aoinfheacht.

Tosaíodar na fir uaisle ag caint fon timpiste. Dúirt Mr Cunningham gur tháinig ar chás cosúil leis tráth. Do bhain fear deich mbliana is trí fichead píosa dá theanga d’alp la linn thaom titimis agus d’fhas an teanga arís go nach rabh rian den chiorrú fágtha.

“’Sea, níl mise in aois mo dheich mbliana is trí fichead,” ar an t-othar.

“Nár lige Dia é,” ar Mr Cunningham.

“Níl pian inti anois?” a fhiosraigh Mr M’Coy.

Ba theanór é Mr M’Coy a rabh cáil áirithe air tráth dá shaol. Ba Shoprán í a bhean. Thugadh sí ceachtanna pianó do pháistibh ar tháille íseal anois. Níorbh an bealach is giorra idir dhá cheann é a shlí bheatha, agus b’éigean dó dul i gceann staidéir féachaint conas maireachtáil ar feadh tréimhsí gairide. Do bhaí sé ina chléireach la *Midland Railway*, ina strucálaí fógraíochta do *The Irish Times* agus *The Freeman’s Journal*, ina thaistealaí tráchtála ar íocaíocht choimisiúin la comhlacht guail, ina ghníomhaire fiosraithe príobháidigh, ina chléireach in oifig an *Sub-Sheriff* agus do fostaíodh é ina rúnaí agan *City Coroner* la gairid. Baí spéis ghairmiúil aige i gcás Mr Kernan mar gheall ara phost nua.

“Pian? Ní chuireann sí isteach orm go mór anois,” a fhreagair Mr Kernan.

“Acht a leithead de mhúisc a chuireas orm. Tá fonn cuir amach orm.”

“Sin an t-ól,” ar Mr Cunningham go teann.”

“Ní headh,” a dúirt Mr Kernan. “Sílim gur tolgas slaghdán sa charr. Bíonn rud éigean ag tuidheacht aníos i mo scornach, réama nó - “

“Múcas.” a dúirt Mr M’Coy

“Tá sé ag tuidheacht ó bhun mo scornach i gcónaí; cuireann samhnas orm.”

“’Sea, ‘sea,” ar Mr M’Coy, “sin an tóracs.”

Breathnaíonn ar Mr Cunningham agus ar Mr Power araon agus gotha dúshlánach air. Sméideann Mr Cunningham a cheann go beoga agus deir Mr Power:

“Á, muise, molaimis a dheireadh.”

“Táim go mór fo chomaoin agat, a sheanchomrádaí,” ar an t-othar.

Scuab Mr Power lámh tresan n-aer.

“An bheirt eile a bhádar i mo chuideachta -”

“Cé a bhaí leat?” a fhiafraigh Mr Cunningham.

“Diúlach. Ní chuimhním ara ainm. Damnú air mar scéal anois, céard is ainm dó? Diúlach beag fionn...”

“Agus cé eile?”

“Harford.”

“Há,” a deir Mr Cunningham.

D'fhanaidís daoine ina dtost pé uair a déaradh Mr Cunningham sin. Baí a fhios acu go rabhadar foinsí rúnda eolais aige. Sa chás seo baí éirim morálta lasan leathfhocal. Théadh Mr Harford in aoinfheacht la baicle bheag a d’fhágadh an chathair go gairid iar nóin do thuidheacht ar theach óil ar bith ar bhruachaibh na cathrach ina nglactaí leo mar fhíor-thaistealaithe. Acht níor scaoileadar a chomh-thaistealaithe a dhúchas tharstu riamh. Do thosaigh sé sa tsaol mar airgeadaí a ligeadh suimeanna beaga airgid ar gaimbín d’oibrithibh. Níos déanaí chuaigh i gcomhar la fear uasal beag ramhar, Mr Goldberg, sa *Liffey Loan Bank*. Cé nár chuaigh tharsan dteagasc eitice lasan gcreideamh nGiúdach riamh, deiridís a chomh-Chaitlicigh faoi, nuair a thoibhíodh seisean airgead orthu féin ná ar chara nó ar ghaol leo, deiridís gur Ghiúdach Éireannach é agus nach rabh léamh ná scríobh aige agus mheasaidís gur dhíoltas Dé a óinmhid de mhac. Ar uairibh eile chuimhnídís ara shuáilcíbh.

“Ní fheadar cár imigh sé,” do dúirt Mr Kernan.

Ba mhian leis coinneáil smúite ar shonraí na heachtra. Ba mhaith leis go gceapaidís a chairde go rabh earráid éigean ann, nár chas seisean agus Mr Harford a chéile sa deireadh. Fanadar a chairde ina dtost, óir baí aithne mhaith acu ar dhúil Mr Harford san ól. Dúirt Mr Power arís:

“Molaimis a dheireadh.”

Tarraing Mr Kernan athrach scéil air láithreach.

Sin fear lách, diúlach an leighis,” ar sé. “Murach eisean -”

Ó, murach eisean,” a dúirt Mr Power, “seans go mbeth breith seacht lá i gceist, gan cead dul saor ar fhíneáil.”

“Sea, sea,” ar Mr Kernan agus é ag streachailt lana chuimhne. “Is cuimhin liom anois go rabh póilín ann. Stócach cóir, shílfeá. Cén chaoi ar tharla sé ar chur ar bith?”

“Tarla go rabhais caoch ar meisce, Tom,” a dúirt Mr Cunningham go tromchúiseach.

“Níl séanadh air,” a dúirt Mr Kernan go chomh tromchúiseach céanna.

“Is dóigh liom gur réitís é lasan bpóilín, Jack,” a dúirt Mr M’Coy.

Níor thaitin úsáid a ainm baiste la Mr Power. Ní rabh sé ceartaiseach, acht mhair an chuimhne aige i gcónaí ar chrosáid Mr M’Coy chun fháil mhálaí taistil agus portmantaí do Mrs M’Coy do chur ara cumas freastal ara coinníbh bréagachaibh fon tuath. Ghoill sé air ní amháin gur chuaigh sé chun tosaigh air, acht ní ba mhó ná sin, gur tháir an cleas é. Freagair an gceist mar sin, fo mar ba é Mr Kernan a chuir í.

Cuir an comhrá olc ar Mr Kernan. Níor lig sé a dhúchas iasachta i ndearmad, teastaigh uaidh cur faoi sa chathair ar téarmaibh nár ísligh é féin, ná a chomh-shaoránaigh acht oiread agus níor fhulaing tarcaisne dá laghad uathu siúd arar cuir sé dundarláin na tuaithe.

“An la haghaidh seo a íocaimid cáin?” a ceistigh sé. “La haghaidh bheathú agus ghléasadh na mbastún gcábógach seo... agus sin a bhfuil iontu.”

Dein Mr Cunningham gáire. Ba oifigeach an Chaisleáin eisean la linn a uaireanta oibre agus la linn na n-uaireanta sin amháin.

“Conas a bheth a mhalairt iontu, Tom?” ar sé.

Cuir glór na tuaithe air féin agus dúirt go húdarásach:

“65, beir ar do chabáiste!”

Dein gach aon duine gáire. Lig Mr M’Coy, a baí ag iarraidh dul taobh istigh den chomhrá ar ais nó ar éigin, lig air féin nár chuala an scéal riamh.

“Is éard atá ar siúl – nó sin a deirtear, an bhfuil ‘fhios agat – sa bheairic. Tagaid leaideanna móra anásta na tuaithe, amadáin, ‘bhfuil ‘fhios agat, do dhruileáil. Cuireann an sáirsint ina seasamh i gcoinne an bhalla iad agus a bplátaí in airde acusan.

Eachtraigh an scéal la geáitsí móra.

“Ag am dinnéir, an dtuigir. Bíonn babhla ábhalmhór cabáiste aran tábla roimhe go spúnóg mór millteach mar shluasaid. Tógann scaob mhór cabáiste aran spúnóg go gcaitheann trasna an tseomra agus ní mór dona hainniseoiribh rugadh uirthi ara bpláta: 65, beir ardo chabáiste.”

Dein gach duine gáire arís eile: acht baí pas beag oilc ar Mr Kernan fós. Labhair sé fo litir a scríobh chun na bpáipéar.

“Tagaid na bodaigh seo aniar anseo,” ar sé, “measaid go bhfuil cead barrastóireachta acu ar dhaoinibh. Ní gá a rá leat, Martin, an cleas daoine atá iontu.”

Aontaigh Mr Cunningham leis ar choinníoll.

“Dála gach ruda eile sa tsaol seo,” ar sé. “Bíonn roinnt droch-cheann agus roinnt ceann maith ann.”

“Ó, cinnte, táid cuid díobh go maith, admhaím é,” ar Mr Kernan agus suaimhneas curtha ann.

“Is binn béal ina thost leo,” a dúirt Mr M’Coy. “Sin í mo bharúil!”

Táinig Mrs Kernan sa seomra agus, ag leagadh tráidire aran dtábla dhi, dúirt:

“Tarraingighidh oraibh, a fheara uaisle.”

Seas Mr Power suas do dháileadh na mbuidéal agus do thairgeadh a chathaoireach dhi. Níor ghlac sí léi, ag rá dhi go rabh iarnáil la déanamh aici thíos staighre agus, ar sméideadh a cinn la Mr Cunningham ar chúl cheann Mr Power, tug aghaidh aran ndoras. Glaoigh a fear céile ina diaidh:

“Agus nach bhfuil aon rud agat domsa, a stóir?”

“Ó, cúl mo láimhe dhuitse!” a dúirt Mrs Kernan go géar.

Glaoigh a fear ina diaidh:

“Dada don fhiur chéile bhig bhoicht!”

Cuir seisean strainc chomh háiféiseach air féin agus labhair de ghlór chomh meacanach gur lean gáire agus spraoi de dháileadh na mbuidéal.

Óladar na fir uaisle dá ngloinnibh, leagadar a ngloiní aran mbord arís agus tost an comhrá. Ansin tugann Mr Cunningham aghaidh chomhrá ar Mr Power agus fiafraíonn go neamhchúiseach dhe:

“Oíche Déardaoin do dúrais, Jack.”

“Déardaoin, ‘sí,” ar Mr Power.

“Ceart go leor!” ar Mr Cunningham aran phointe.

“Tig linn teacht la chéile i dtigh *McAuley*,”[5] a deir Mr M’Coy. “Sin an áit ba chaoithiúla.”

“Acht dul ann in am,” a dúirt Mr Power agus é dáiríre, “mar is cinnte go mbeidh sé dubh la daoine.”

“D’fhéadfaimis bualadh la chéile ag leathuair tar éis a seacht,” ar Mr M’Coy.

“Tá go maith!” ar Mr Cunningham.

“Leathuair i ndiaidh a seacht i dtigh McAuley mar sin!”

Lean tost gairid de sin. Fan Mr Kernan ar fhios rún a chairde. Ansin ceistigh:

“Céard atá ar siúl?”

“Ó, faic,” ar Mr Cunningham. “Níl ann acht rud beag atá á eagrú againn don Déardaoin seo chugainn.”

“An ceoldráma, an é?” ar Mr Kernan.

“Ní hé, ní hé,” a deir Mr Cunningham de ghlór seachantach, “níl i gceist acht scéal beag... spioradálta.”

“Ó,” ar Mr Kernan.

Tagann tost eile aran seomra.

“La hinsint na fírinne, Tom, táimid ag dul ar chúrsa spioradálta.”

“Sé, sin é,” a dúirt Mr Cunningham, “Mise agus Jack agus M’Coy anseo, gabhfaimid do íoc na téiléireachta ar son ar n-anama.

Labhair an meafar la fuinneamh teanntásach éigin agus, ar bhfáil misnigh ina ghlór féin, lean air:

“Is í an chaoi ina bhfuil sé, tá sé chomh maith againn uile admháil gur scata dearg-rógairí sinn, gach aon dínn. Gach aon dínn, a deirim,” a chuir sé go dorrga muinteartha mar aguisín gur tug a aghaidh ar Mr Power. “Admhaigh é anois!”

“Ní shéanaim é,” ar Mr Power.

“Agus admhaímse é,” ar Mr M’Coy.

“Mar gheall air sin, tá sé beartaithe againn íoc na téiléireachta la chéile,” a dúirt Mr Cunningham.

Shílfeá gur bhuail smaoineamh é. Tugann aghaidh aran n-othar go ndeireann:

“An bhfeadraís dom, Tom, céard a thit i m’intinn anois beag? Dá dtagtá in éineacht linn beadh cor ceathrair againn.”

“Maith an smaoineamh,” a dúirt Mr Power. “An ceathrar dínn la chéile.”

Níor lig Mr Kernan focal as. Ba bheag draíocht agan chuireadh air acht, mar ba léir dó go rabhadar fórsaí spioradálta ar tí chur suime ann, meas gurbh oircheas dó a chaoinfhulaingt ar son a dhínite. Níor ghlac páirt sa chomhrá ar feadh tréimhse fada acht cuir cluas éisteachta air féin go ciúin naimhdeach, fad a bhádar a chairde ag plé na nÍosánach.

“Ní holc liom na hÍosánaigh,” a dúirt, ag cur a ladair sa gcomhrá fo dheireadh dhó. “Is ord oilte iad. Measaim go bhfuil dea-intinn acu freisin.”

“An t-ord is uaisle san Eaglais, Tom,” a dúirt Mr Cunningham la fiuchadh foinn. “Seasann Ginearál na nÍosánach taobh lasan bPápa.”

“Níl aon agó faoi,” a dúirt Mr M’Coy, “má theastaíonn uait go ndéanfar rud i gceart agus gan chúinsí, iarair ar Íosánach é. Sin iad na boic a bhfuil cumhacht acu. Tabharfad sampla dhuit...”

“Dream maith fear na hÍosánaigh,” a dúirt Mr Power.

“Díol suime,” a dúirt Mr Cunningham, “fon Ord Íosánach. Gach aon ord eile den Eaglais, b’éigean a leasú ar uair amháin nó ar uair eile acht níor leasaíodh an n-Ord nÍosánach riamh. Níor imigh sé ón bhealach cheart riamh.”

“An mar sin é?” a fhiosraigh Mr M’Coy.

“Sé,” ar Mr Cunningham. “Sin stair daoibh.”

“Féachaí a n-eaglais, chomh maith,” a dúirt Mr Power. “Féachaí an bpobal acu.”

“Freastalaíd na hÍosánaigh aran n-uasaicme,” a dúirt Mr M’Coy.

“Freastalaíonn, cinnte,” ar Mr Power.

“’Sea,” ar Mr Kernan, “Sin an fáth a bhfuil bá agam leo. Ní hionann is roinnt den ghnáthchléir,[6] na sagairt mhaolaigeantacha thuathánacha -”

“Fir mhaithe iad uile,” a dúirt Mr Cunningham, “gach aon fhear ina dhóigh féin. Tá meas ar chléir na hÉireann ar fud an domhain.”

“Tá, cinnte,” ar Mr Power.

“Ní hionann is cuid den tsagartacht aran Mhór-roinn,” a dúirt Mr M’Coy, “nach fiú a n-ainm í.”

“B’fhéidir go bhfuil an ceart agat,” ar Kernan, ag géilleadh dhó.

“Cinnte tá an ceart agam,” ar Mr Cunningham. “nílim aran tsaol seo a fhad seo ama is an chuid is mó taobh dhe feicthe agam, gan fáil léargais ar nádúr daoine.”

“Óladar na fir uaisle arís, gach duine ag aithris ara chéile. Shílfeá go rabh Mr Kernan ag cur an scéil trí chéile ina intinn. Chuaigh sé i cion air. Baí an-mheas aige ar Mr Cunningham mar mheastóir duine agus mar léitheoir dreach. Iarr sonraí an chúrsa.”

“Ó, níl ann acht cúrsa spioradálta, an bhfuil a fhios agat,” ar Mr Cunningham. “An tAthair *Purdon*[7] atá ag freastal air. Cúrsa d’fhearaibh gnó, an bhfuil ‘fhios agat.”

“Ní bheidh sé ró-dhian orainn, Tom,” a dúirt Mr Power go háititheach.

“Father Purdon? Father Purdon?” a cheistíos an t-othair.

“Ó, ní mó ná tá aithne agat air, Tom,” a dúirt Mr Cunningham go teanntásach. “Fear breá aerach! Fear dár nós féin, fear a thuigeas an saol.”

“Á, ... sea. Sílim go bhfuil aithne agam air. Sách dearg-ghnúiseach; ard.”

“Sin an fear.”

“Agus abair liom, Martin... An seanmóirí maith é?”

“M'ainm... Ní seanmóir a bheas ann go baileach, ‘bhfuil fhios agat. Níl i gceist acht caint mhuinteartha ‘bhfuil ‘fhios agat, ar stíl chiallmhar.”

Chuaigh Mr Kernan ara mharana. Dúirt Mr M’Coy:

“An t-Athair Tom Burke, ba é sin an buachaill!”

“Ó, Father Tom Burke,” ar Mr Cunningham, “ba fhíor-óráidí eisean. Ar chualais riamh, Tom?”

“Ar chualas!” a dúirt an t-othar go círíneach. “Is mise a chuala! Cinnte...”

“Agus deirid daoine nár dhiagaire mhaith é,” a dúirt Mr Cunningham.

“An mar sin é?” a dúirt Mr M’Coy.

“Ó, ar ndóigh, ní hé nach rabh sé de mhianach ann, ‘bhfuil ‘fhios agat. Acht scaití, a deirid, níor ghabh seanmóir dar thug sé go hiomlán lasan n-ortadacs – níor ghabh lasan gceartchreideamh ó thús go deireadh.

“Á!... ba thogh fir é,” a dúirt Mr M’Coy.

“Chualas é uair amháin,” a lean Mr Kernan. “Ní chuimhin liom ábhar a hóráide anois. Bhí mise agus Crofton ar chúl an... loig, an bhfuil a fhios agat... sa -”

“Sa mheánlann,” ar Mr Cunningham.

“’Sé, sa chionn thiar den tséipéul, gar don doras. Ní mé anois céard faoi a bhí sé... ó, ‘sé, fon Phápa, fon iar-Phápa. Dar m’uacht baí sí ar fheabhas, a chuid óráidíochta. Agus a ghlór! Dar Dia! Nach aigesean a bhaí glór. Cime na Vatacáine, a chuir sé air. Is cuimhin liom go ndúirt Crofton liom iar n-imeacht dhúinn -”

“Acht nach Fear Buí é, Crofton, nach é?” ar Mr Power.

“’Sé, cinnte,” ar Mr Kernan, “agus Fear Buí den scoth, leis. Chuamar i dteach Butler ar Shráid Moore – m’anam, chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm, chun insint fírinne Dé – agus cuimhním go díreach mar a chan sé é. Kernan, a dúirt sé, adhraimid ag altóiribh difriúlaibh, ar sé, acht táimid ar aon chreideamh amháin. Focal céillí, dar liom.”

“Is mór de bhrí sin,” ar Mr Power. “Bhídís na sluaite Protastúnach agan Aifreann nuair ba Father Tom a bhíodh á cheiliúradh.”

“Níl mórán eadrainn,” a dúirt Mr M’Coy.

“Creidimid araon sa -”

Tomhais sé a chuid cainte ar feadh nóiméid.

“Sa tSlánaitheoir. Acht amháin nach gcreididsean sa Phápa ná i Máthair Dé.”

“Acht, ar ndóigh,” a dúirt Mr Cunningham go ciúin is go cliste, “ár reiligiún, is é an t-aon reiligiún amháin é, an bunchreideamh ársa.

“Níl dabht ar bith fona thaobh,” ar Mr Kernan go cairdiúil.

Taibhsigh Mrs Kernan i ndoras an tseomra codlata do fhógairt:

“Seo cuairteoir chugaibh!”

“Cé hé?”

“Mr Fogarty.”[8]

“Ó, tar isteach! Tar isteach!”

Táinig aghaidh bhán ar chruth uibhe fon solas. An cuar ara croiméal geal fada, baí ar aon dul la cuar na malaí ngeala a bhádar ardaithe os cionn na súl la hiontas is la háthas. Grósaeir beag ab é Mr Fogarty. Do theip ara theach óil sa chathaoir mar b’éigean dó cloí la driogairí agus la grúdairí den dara grád mar gheal ar laghad a mhaoine. D’oscail sé siopa beag ar Bhóthar Ghlas Naíon la súil go dtarraingíodh a dhea-bhéas fabhar na mban tí. Baí maorgacht áirithe fon dóigh a d’iompraíodh sé é féin. Mholadh sé gasúir óga agus d’fhuaimníodh a chuid focal go soiléir galánta.

Táinig la bronntanas – leathphionta uisce beatha fo leith. Beannaigh Mr Kernan, leag a fhéirín aran dtábla agus suí síos i measc na bhfear ar chomhchéim leo. Baí Mr Kernan buíoch den tabhartas, go háirithe ó chuimhnigh go rabh íoc beag earraí ag Mr Fogarty air. Dúirt:

“Nár laga Dia thú, a sheanchomrádaí. Oscail sin, Jack, lado thoil.”

Tug Mr Powar cúram an óstaigh ar féin arís. Glanadh gloiní agus dáileadh chúig fhuisce bheag. Cuir an tionchar nua seo beocht sa gcomhrá. Bhí suim ar leith ag Mr Fogarty ann, a shuí ar phaiste bheag dá chathaoir.

“An Pápa Leo XIII,” a dúirt Mr Cunningham, “baí sé ar dhuine de shoilsitheoiribh na haoise. An smaoineamh mór a bhaí aige, an bhfuil a fhios agaibh, aontú na hEaglaise Laidine agus na hEaglaise Gréagaí.[9] Ba é sin aidhm agus cuspóir a shaoil.”

“Chualas go minic go rabh sé ar dhuine dena fearaibh ba éirimiúla san Eoraip,” a dúirt Mr Power. “Is é sin, la cos bheith ina Phápa dhó.”

“Baí, leis,” ar Mr Cunningham, “mura rabh aran duine ba éirimiúla ar fad. Ba é a mhana, an bhfuil ‘fhios agat, mar Phápa, *Lux ar Lux* – Solas ar Sholus.”

“Arú, níorbh é, do dúirt Mr Fogarty la beocht. Sílim go bhfuil dul amú ort ansin. *Lux in Tenebris*, measaim, Solas sa Dorchadas, a bhí ann.”

“Ó ‘sé,” a dúirt Mr M’Coy, ‘*Tenebrae*.’

“I gcead daoibh,” ar Mr Cunningham go húdarásach, “*Lux ar Lux* ab é. Agus Pius IX, an Pápa a chuaigh roimhe, ba é a mhana *Crux ar Crux* – is é sin, Cros ar Chrois – rud a léiríos an ndifríocht idir an dá phontaifeacht.”[10]

“Glacadh lasan dtátal. Coinnigh Mr Cunningham air.

“File agus fear léinn ab eadh an Pápa Leo, ‘bhfuil ‘fhios agaibh.”

“Is snoite daingean an aghaidh a bhaí air,” ar Mr Kernan.

“Sea, a dúirt Mr Cunningham. “Scríobh sé filíocht as Laidin.”

“An mar sin é?” a dúirt Mr Fogarty.

Blais Mr M’Coy a uisce beatha go sona sásta agus croith a cheann ar dhá chúis, go ndúirt:

“Ní bréag ná magadh sin, féadaim rá libh.”

“Níor fhoghlaimíomar sin, Tom,” a dúirt Mr Power, ag leanúint sampla Mr M’Coy dó, “agus sinn ar scoil an phingin-sa-tseachtain[11] dúinn.”

“Is iomaí fear maith a chuaigh ar scoil phingin-sa-tseachtain agus fód móna ina bhaclainn aige,” ar Mr Kernan go ceartaiseach. “An seanchóras an córas ab fhearr: gnáth-oideachas ionraic. Gan ghliogairnéis na linne seo.”

“An ceart ar fad agat,” ar Mr Power.

“Ní rabh barraíocht ar bith ag baint leis,” a dúirt Mr Fogarty.

Luí sé ar gach siolla den fhocal agus ansin ól go sollúnta.

“Is cuimhním liom léamh,” a dúirt Mr Cunningham, “gur fo aireagán an ghrianghraif é ceann de dhántaibh an Phápa Leo – as Laidin, ar ndóigh.”

“Fon ghrianghraf!” ar Mr Kernan agus iontas ina ghlór.

“’Sé,” ar Mr Cunningham.

Ól seisean óna ghloine chomh maith.

“*Well*, muise,” a dúirt Mr M’Coy, “nach iontach an grianghraf nuair a smaoinímid air?”

“Ó, gan dabht,” a dúirt Mr Power, “tá léargas glinn ag smaointeoiribh móraibh.”

“Mar a deir an file: táid an intleacht mhóir agus an mearadh ag bordáil ara chéile,”[12] a dúirt Mr Fogarty.

Chuaigh Mr Kernan ara mharana, shílfeá. Cuardaigh a chuimhne aran teagasc Phrotastúnach ar chúpla pointe íogair agus sa deireadh tug aghaidh ceiste ar Mr Cunningham.

“Inis dom, Martin,” ar sé. “An fíor nach rabhadar roinnt dena pápaibh – ní an fear atá againn anois ná an fear a tháinig roimhe, acht roinnt dena pápaibh – go hiomlán... an bhfuil ‘fhios agat... sách inniúil?”

Tit an seomra fo chiúnas. Dúirt Mr Cunningham:

“Ó, ar ndóigh, bhí corr-scraiste ina measc... Acht is díol iontais seo. Oiread agus duine amháin orthu, pé dhíobh an meisceoir ba bháite san ólachán, ná an... bligeard ba mheasa, níor thug focal bréagach teagaisc *ex cathedra*. Anois nach iontas sin?”

“’Sé, go deimhin,” ar Mr Kernan.

“’Sé, mar nuair a labhraíos an Pápa ex cathedra,” a mhínigh Mr Fogarty, “bíonn gan locht.”[13]

“Bíonn,” a dúirt Mr Cunningham.”

“Ó, tuigim go mbíonn an ceart agan Phápa i gcónaí. Is cuimhin liom go rabhas níos óige ansin... nó an é sin é - ?

Cuir Mr Fogarty isteach aran gcaint. Tóg an mbuidéal agus dáil tuilleadh fuisce arna fir. Ar dtabhairt fo deara do Mr M’Coy nach rabh dóthain fuisce ann, áitigh nach rabh a chéad-deoch críochnaithe aige. Glacadar na fir eile lana eiteach fo dheireadh. Dein an t-uisce beatha ceol bog ag titim sna gloiní dhó. Ba thaitneamhach an eadarlúid í.

“Céard a bhí á rá agat, Tom?” a fhiafraigh Mr M’Coy

“Do-earráid an Phápa,” a dúirt Mr Cunningham, “is é sin an dráma ba mhó i stair na hEaglaise ar fad.”

“Conas sin, Martin?” a cheistigh Mr Power.

Ardaigh Mr Cunningham dhá mhéar san n-aer.

> “I gcoláiste naofa, ‘bhfuil ‘fhios agat, na gcairdinéal agus na n-ardeaspag agus na n-easpag, bádar beirt fhear a sheasadar an bhfód ina aghaidh agus na huile dhaoine eile ag tabhairt lán

> a dtacaíochta dhó. Baí an Comhthionól trí chéile ar aon ghuth seachas an bheirt seo. Arú! Ní ghlacfaidís leis!"

"Ha!" ar Mr M'Coy.

"Agus an bheirt siúd, Gearmánach darb ainm Dolling... nó Dowling ... nó -"

"Níor Ghearmánach Dowling,[14] agus tig leat beith suite dhe sin," a dúirt Mr Power de gháire.

"*Well*, an Cairdinéal mór Gearmánach seo, pé ar bith ainm dó, ba dhuine dhíobh é; agus ba é an duine eile, John MacHale."

"Céard?" ar Mr Kernan la hiontas. Ar John as Tuaim é?"[15]

"An bhfuilir cinnte de sin anois?" a cheistigh Mr Fogarty go hamhrasach. "Cheapas gurbh Iodálach nó Meiriceánach éigin é."

"John as Tuaim," a dúirt Mr Cunningham, "an fear a bhaí ann."

"Ól sé agus deineadar na fir uaisle eile amhlaidh. Ansin labhair arís:

> "Bádar uile ansin, idir chairdinéil agus easpaig agus ardeaspaig as gach ceard den domhain, agus an bheirt seo in árach is in achrann leo nó gur seas an Pápa féin suas sa deireadh thiar thall agus fógair nach féidir dogma na hEaglaise *ex cathedra* do lochtú. I láthair na huaire sin John MacHale, a bhaí glan in aghaidh an smaoinimh seo go nuige sin, seas suas agus lig búir leoin: '*Credo*!"

"Creidim!" ar Mr Fogarty.

"Credo!" ar Mr Cunningham. "Léiríonn sin a chreideamh. Géill a thúisce is a labhair an Pápa.

"Agus céard fo Dowling?" a cheistigh Mr M'Coy.

"Ní ghéillfeadh an cairdinéal Gearmánach. Tug a dhroim don eaglais."

D'fhágadar focail Mr Cunningham íomhá ollmhór maorga den eaglais i meoin a lucht éisteachta. Chuir a ghlór toll grágach fo dhraíocht iad agus é ag aiceannú na bhfocal creidimh agus géillte. Ag tuidheacht sa seomra do Mrs Kernan agus í ag triomú a lámh, fuair sí tost sollúnta roimpi. Níor bhris an gciúnas, acht crom tharsan ráille ag cos na leapan.

"Chonaiceas John MacHale tráth," a dúirt Mr Kernan, "agus ní dhéanfad dearmad air a fhad a mhairfead."

Tug aghaidh dhearbhaithe ara mhnaoi.

"Dúras sin go minic leat?"

Claon sí a ceann dá dhearbhú.

"Ba ag nochtadh dhealbh Shior John Gray é. Baí Edmund Dwyer Gray ag caint, ag gaoitearacht leis, agus seo mo dhuine aosta seo, seanbhuachaill cantalach, ag cur na súl tríd fona mhalaibh móraibh giobachaibh."

Cuir Mr Kernan roic ina mallaí, tug a cheann faoi agus tug súil fhiata ara mhnaoi ar nós tairbh fraochta.

“A Dhia!” ar sé go bríomhar, iar dtuidheacht chuici féin dá dhreach, “níor fhacas a leithéid de shúil i gcionn fir riamh. B’ionann é is rá: aithním an gcleasaíocht mbeag atá agat, a mhaic ó. Baí súil seabhaic aige.

“Ní rabh aon mhaith i nduine ar bith de chlann *Gray* riamh,”[16] a dúirt Mr Power.

Tit an seomra fo thost arís. Tug Mr Power aghaidh cainte ar Mrs Kernan agus dúirt go meidhreach tobann:

“*Well*, Mrs Kernan, táimid ag dul do dhéanamh Caitlicigh maith cráifigh naofa de d’fhiur anseo.”

Comharthaigh go fial aran chomhluadar la scuabadh dá láimh timpeall orthu.

“Táimid go léir ag dul ar chúrsa spioradálta dho dhéanamh faoistine – agus ag Dia atá a fhios an gátar orainn.”

“Ní miste liom,” a dúirt Kernan la meangadh a bhaí pas beag faiteach.

Ba chríonna la Mrs Kernan ceilt a sásaimh. Mar sin, is eadh a dúirt:

“Mo ghraidhin an sagart a chaithfeas éisteacht lado scéal.”

Táinig athrú ar dhreach Mr Kernan.

“Mura maith leis é,” ar sé go borb, “tig leis... déanamh an ruda eile. Inseod mo scéal beag ainnise, sin an méad. Ní drochdhuine amach is amach mé -”

Dein Mr Cunningham eadráin aran toirt.

“Diúltóimid uile don diabhal,” a dúirt sé, “ar aon, gan dearmad ara oibreacha is ara ealaín.”

“Bí ar siúl, a Shátain!” a dúirt Mr Fogarty de gháire is ag spléachadh arna fearaibh eile.

Ní dúirt Mr Power faic. Chonacthas dó go rabh go hiomlán sáraithe i gceannasaíocht. Acht rith léas sásaimh trasna a aghaidhe.

“Níl la déanamh againn,” a dúirt Mr Cunningham, “acht seasamh suas la coinneal lasta inár nglaic againn agus tabhairt arís arár móideannaibh baiste.

“Ó, ná dearmad an gcoinneal, Tom,” a dúirt Mr M’Coy, “pé rud eile a dhéanfair.”

“Céard?” ar Mr Kernan. “An mbeidh call agam la coinneal?”

“Ó beidh,” ar Mr Cunningham.

“Arú, damnú air ar fad mar scéal,” a dúirt Mr Kernan go goilliúnach. “Ní rachad chomh fada la sin. Déanfad an ndualgas, ceart go leor. Déanfad an gcúrsa creidimh seo agus an bhfaoistin, agus... an ngnó sin ar fad. Acht... cosc ar choinnlibh! Damnú air, ní ghlacfad la coinnle!

Croith a cheann la tromchúis ghreannmhar.

“Éistighidh sin!” ar a bhean.

“Crosaim na coinnle,” ar Mr Kernan agus é ag croitheadh a chinn anonn is anall. Tuig gur tharraing a agóid aird a chomhluadair. “ Crosaim ealaín na laindéar ndraíochta.”[17]

Dein gach aon duine gáire.

“Sin Caitliceach deas daoibh!” ar a bhean.

“Coinneal ar bith!” a dúirt Mr Kernan arís go ceanndána. “Ní ghlacfad leo!”

Baí croslann an tSéipéil Íosánaigh nach mór lán; agus fós féin tángadar fir uaisle isteach ón doras taoibh agus, ar treoir an bhráthar tuata, téaltaíodar suas na taobhranna gur fuaireadar áit suite. Bádar na fir go léir gléasta go maith agus dea-iomprach. Lonraigh solas lampaí an tséipéil ar éadaíbh dhubhaibh agus ar bhónaíbh bhánaibh an tslua. Ba éagsúlacht ar éigean an corr-chulaith bhréidín, na colúin marmair dúghlais bric agus na pictiúir dhuairce dhólásacha. Bádar na fir uaisle ina suí sna binsibh, a mbrístí tarraingthe aníos beagán tharr a nglúine acu agus a hataí curtha ar chóir shábháilte. Bádar ina suí i bhfad siar sa tséipéal agus stánadar go nósúil ar bhallóg bheag bhídeach an tsolais deirg ar crochadh os cionn na haltóra airde i bhfad uathu.

Ar chionn dena binnsibh baí Mr Cunningham agus Mr Kernan ina suí. Baí Mr M’Coy ina aon fhiur laistiar díobh: agus baí Mr Power agus Mr Fogarty aran bhinse taobh thiar de sin. Triall Mr M’Coy aimsiú áite ar bhinse na bhfear n-eile acht baí sé fánach air. Nuair a shocraíodar na fir síos i bhfoirm cúigín,[18] caith sé cúpla focal grinn. Níor thaitin sin leo, agus éirigh sé as. Go fiú amháin eisean, chuaigh an t-atmaisféar cuibhiúil i bhfeidhm air agus athraigh sé a iompar mar gheall aran tionchar reiligiúnach. La cogar, tarraing Mr Cunningham aird Mr Kernan ar Mr Harford, an t-iasachtóir airgid, a bhaí ina shuí píosa maith uathu, agus ar Mr Fanning, gníomhaire clárúcháin agus déantóir mhaor na cathrach,[19] a bhaí ina shuí díreach laistiar den phuilpid in aice la duine de chomhairleoiribh nuaibh an bhaird. Ar dheis bhaí Michael Grimes, úinéir trí shiopa geallbhróicéara, agus niadh Dan Hogan, a rabh an post in oifig an Chléireach Baile i ndán dó. Níos sia rompu baí Mr Hendrick, príomh-thuairisceoir *The Freeman’s Journal*, agus O’Carroll bocht, seanchara Mr Kernan, a baí ina bhoc mór trádála tráth. De réir mar a aithin Mr Kernan aghaidheanna, chuaigh chun a shuaimhnis. Baí a hata ara ghluinibh aige, ar dheisigh a bhean é dhó. Uair nó dhó tarraing muinchille anuas la leathlámh agus coinnigh greim éadrom acht daingean ar dhuilleoig a hata lasan lámh eile.

Taibhsigh fear toirtiúil i suirplís bán ag dreapadh sa bpuilpid dó agus saothar air. Agan am chéanna corraigh an slua, tarraing ciarsúir as pócaibh agus chuaigh go cáiréiseach ara nglúinibh orthu. Dein Mr Kernan amhlaidh. Baí an sagart ina sheasamh anois sa phuilpid i gcéin uathu. Baí dhá thrian dá thoirt la feiceáil os cionn na balastráide agus aghaidh mhór mhillteach dhearg mar bharr uirthi. Sléachtann *Father Purdon* go dtugann a aghaidh aran spota mbeag solais deirg agus, iar gclúdach a aghaidh lana lámha dhó, cromann ar phaidir. Tar éis tamaill, nochtann a aghaidh arís agus éiríonn ina sheasamh. Seasann an pobal freisin agus socraíonn síos arís arna binsí. Leag Mr Kernan a hata ara ghlúin arís agus tug aghaidh éisteachta aran seanmóirí. Crapann an seanmóir na muinchillí leathana dá shuirplís siar la gluaiseacht mhór geáitsíochta, ceann ar chionn, go scrúdaíonn aghaidheanna an phobail go mall. Ansin deir:

> “Óir is glice clann an tsaoil seo ná clann an tsolais ina gcineál féin. Agus a deirimse libh, Déanaighidh cairde dhíbh féin la saibhreas na héagóra; ionas an tráth a éagfaidh sibh [sic], go nglacfaidh siad sibh ina lóistínibh síoraí.”[20]

Dein an t-Athair Purdon forbairt aran dtéacs i nglór mór muiníneach. Tá sé ar cheann dena téacsannaibh is deacra sna scriptiúiribh trí chéile, ar sé, i dtaobh dhéanamh léimh cirt air. B’fhéidir go ndéaradh duine leis féin go bhfuil an teagasc ann ag dul in aghaidh na hard-mhoráltachta a theagascas Iesiu in áiteannaibh eile sa Tiomna Nua. Acht, a dúirt sé lana lucht éisteachta, feileann an téacs go mór do theagasc daoine a bhfuil sé de chrunn orthu iomair sa tsaol dhuthain seo acht nach mian leo beith gafa sa tsaoltacht mar sin féin. Is téacs é a oireas d’fhearaibh gnó agus d’fhearaibh gairme. Iesiu-Chríost, a thuigeas gach aon ghné de nádúr an duine, tuigeann sé nach bhfuil saol reiligiúnach i ndán do gach aon fhiur. Is éigin d’fhormhór na ndaoine maireachtáil sa tsaol shaolta agus, ar bhealach, fo cheannas an tsaoil-se siúd. Agus leag Sé amach focal comhairle dhóibh lasan bhfocal seo, a dhéanas eiseamláir aran tsaol dhiaganta dena hadhraitheoiribh Mammon seo ar lú cráifeachta iad ná fear ar bith eile.

Dúirt sé lana lucht éisteachta nach rabh cúis mhór scáfar lana chaint, acht go rabh ann mar fhear saolta dho labhairt lana chomhshamhlaigh. Do labhairt la fir gnó a bhaí sé, agus labhródh leo ar dhóigh phraiticiúil an fhir gnó. Ba eisean a gcuntasóir spioradálta a dúirt sé, má ghabhaidís lasan meafar, agus ba mhaith leis go n-osclódh gach aon dá luch éisteachta a leabhair – leabhair a shaol spioradálta, féachaint ar réitíodar lana choinsias.

Ní saoiste dian Iesiu-Chríost. Tuigeann ár lochtanna beaga, tuigeann laigí síol Ádhaimh boicht, tuigeann cathaithe an tsaoil seo. B’fhéidir go rabh cathú orainn ó am go ham, baí, orainn uile. B’fhéidir go ngéilleamar don chathú anois is arís, ghéilleamar uile. Acht ní iarrfadh sé ara lucht éisteachta acht aon rud amháin. Agus is é seo é: beith díreach agus fearúil la Dia. Má táid na cuntais ag tuidheacht go hiomlán la chéile, rá:

“*Well*, do dheimhníos na cuntais. Tá gach aon rud ina cheart iontu.”

Acht, mura réitíonn go hiomlán, mar a d’fhéadadh tarlú, ní mór ionracas, admháil na fírinne, agus rá mar fhear:

> “Well, scrúdaíos mo chuntais. Tá sé tugtha fo deara agam go bhfuil seo agus sin mícheart. Acht, la grásta Dé, cuirfead seo agus sin ina cheart. Leigheasfad mo chuid cuntas.

1 **Grásta:** *Grace* an teideal Anglaise aran scéal. Tá cialla éagsúla ag baint lasan bhfocal. Is é an phríomhchiall an chiall dhiagachta, is é sin suáilce Dé. Leanann sé de sin gur suáilce na trócaire é, mar shampla trócaire Dé ar pheacaibh. Mar sin, i gcúrsaibh gnó, má thugtar *grace* do dhuine atá i bhfiachaibh, ciallann sé go bhfaigheann seisean aischairde. Tá brí eile ag baint lasan bhfocal *grace* – suáilce na galántachta. Ní léiritear suáilce ar bith sa scéal, acht a malairt ghlan.

2 **carr cliathánach:** ‘*outsider’* a chuireas Joyce air. Tacsaí dhá rotha gan díon a bhfuilid na suíocháin droim lana chéile. Sa dóigh sin, tá aghaidh na bpaisinéirí la ‘*outside*’ i. lasan dtaobh amuigh (foinse: gluais eagrán *Wordsworth Classics* den leabhur)

3 ***Kernan* is ainm dom:** Mac Thighearnáin (tighearna + -án)

4 ***Mr Cunnigham, Mr M’Coy* agus *Mr Power:*** Messrs Mac Coinneagáin, Mac Aodha agus De Paor. Sloinnte iasachta iad Cunningham agus Power. Is é is dóiche gur roghnaigh Joyce na sloinnte seo mar imeartas focail as Anglais (*cunning, coy* agus *power*) agus nach bhfuil brí ar leith lena leaganacha Gaeilge.

5 ***McAuley:*** Mac Amhalghaidh/Amhlaoibh. Gaelú den tsean-sloinne Lochlannach *Óláfr* (Wikipedia)

6 **Gnáthcléir:** is é sin, na sagairt nach mbainid le hord rialta

7 ***Purdon*:** sloinne Angla-Albanach. Ó Fhraincis na Normannach - ‘*prudhomme*’ (*preux/prode* + *homme* i. Réiteoir aighneas ceirde). B’fhéidir gur roghnaigh Joyce an sloinne seo mar gur cosúil l ‘*pardon*’ as Anglais é.

8 ***Fogarty:*** Ó Fógartaigh - as Mac Fógartaigh - as ‘fógartach’ - b’fhéidir gur ‘fogharthach’ nó ‘fógarthach’ nó go fiú ‘fo-ghartach’ an bunfhocal. Dar la gach foinse idirlíne áfach, is é ‘ionnarbthach’ is ciall le ‘fógartach’. Is dóigh go mbídís cosa gartacha ar ionnarbthach mar sin féin.

9 **aontú na hEaglaise Laidine agus ... Gréagaí:** iarr an Pápa Leo XII athmhuintearas leo arna hEaglaisí Ceartchreidmheacha i 1897. Ní amháin aran n-Eaglais nGréigeach a iarr sin, acht aran n-Eaglais gCoiptic, Síriac, n-Airméanach agus n-Anglacánach freisin.

10 ***Lux ar Lux...Tenebrae:*** ***Raiméis.*** An Fógartach amháin a dúirt go beacht é: ***Lux in Tenebris.*** Is leathfhocal as Eoin 1:5 é. Deir an sagart sliocht as leabhar Eoin san Aifreann as Laidin. Díol suime, foilsíodh scigdhráma darb ainm *Lux in Tenebris* le Bertold Brecht timpeall 1919. Ó thaobh ***Tenebrae*** de, tá deasghnáth creidimh la linn Sheachtain na Páise tógtha in ainriocht Eoin 1:5 agan Aodhach. Seo véarsaí 1-5 as Eoin 1:

(aistriúchán Laidine *Biblia Sacra juxta Vulgate* 1887):	(aistriúchán Ghaeilge Uilliam Uí Domhnuill den Tiomna Nua 1602):
-In principio erat Verbum, et Verbum erat apud Deum, et Deus erat Verbum.	*-In sa tosach do bhí an Bhriathar, agus do bhí an Bhriathar i bhfochair Dé, agus dob é Día an Bhríathar.*
-Hoc erat in principio apud Deum.	*-Do bhí seo ar tús i bhfochair Dé.*
-Omnia per ipsum facta sunt, et sine ipso factum est nihil quod factum est.	*-Leisean atáid na huile nithe déanta; agus gan é níl aon ní déanta, dá ndearnadh.*
-In ipso vita erat, et vita erat lux hominum.	*-Ann san do bhí beatha; agus dob í an bheatha solas na ndaoine.*
-Et lux in tenebris lucet, et tenebræ eam non comprehenderunt	*-Agus shoilsighidh an solas sin in sa dorchadas; agus níor ghabh an dorchadas chuige é*

11 **scoil phingin-sa-tseachtain:** Bunscoil poiblí sa Ríocht Aontaithe. Rith an Bhanríon Victoria reacht i 1880 a dhein oideachas ina riachtanas dlí do ghasúraibh idir 5 bliana agus 10 mbliana d’aois, idir chailíní agus bhuachaillí. Cuireadh an gcéad-bhunoideachas poiblí ar siúl, ina d’íoc an Stáit asna táillibh, cé is moite de phingin in aghaidh na seachtaine. An méad sin féin, níor gearradh arna boicht é. Chomh maith la scoileanna bardais nua a cuireadh ar bun, íocadh as scoileannaibh a ritheadar oird creidimh ar nós scoileanna na mBráithre Críostaí. Tugadh leasainmneacha éagsúla arna bunscoileanna seo: *British school*, *ragged school* agus, ar ndóigh, *penny-a-week school.*

12 **an intleacht mhóir agus an mearadh ... :** ‘*Great wits are sure to madness near allied, (And thin partitions do their bounds divide)*- John Dryden (1631-1700) *Absalom and Achitophel,* cuid 1. línte 163-164.’

13 ***ex cathedra...* gan locht:** *ex cathedra*- ón chathaoir. Is é sin, nuair a thugas an Pápa teagasc Críostaí (is comhartha teagaisc í cathaoir an teagascóra). Agus é ag labhairt *ex cathedra*, bíonn an Pápa gan locht. *Papel Infallibility* is í an Anglais ar sin. Deineadh reacht Do-earráidé an Phápa i 1870.

14 **Níor Ghearmánach Dowling:** Johann von Döllinger (1799-1890) a bhí i gceist ag Cunningham, ní foláir. Ba Ghearmánach eisean. Cuir sé in aghaidh fhoirceadal Do-earráid an Phápa agus díbríodh ón eaglais é. Níor chairdinéal é, mar atá tugtha la fios ag Mr Cunningham, acht sagart Caitliceach agus ansin diagaire ag Ollscoil Munich.

15 **John Mac Hale:** Seán Mac Éil (1791-1881), Ardeaspag Tuama. Is fíor gur fhreastal sé aran gCéad-chomhairle Vatacánach sa Chathair Naofa i 1869 agus gur chuir i gcoinne dogma Do-earráide an Phápa. A thúisce is a vótáil móramh na n-Easpag i bhfabhar an dogma i 1870 agus a d’fhógair an Pápa féin ina reacht é, tug seisean a lán-thacaíocht don dogma freisin. Is cosúil nach raibh sé fós i láthair na céad-chomhairle Vatacánaí nuair a tharla sin áfach. (foinse: https://www.catholicity.com/)

16 **Ní raibh aon mhaith i [...] Gray riamh:** Ba le Sir John Gray an nuachtán *Freeman’s Journal.* Éirigh an nuachtán níos náisiúnaí fo anáil Gray. Chuaigh a mhac Edmund Dwyer Gray i gcomharba aran nuachtán ansin. Chuir an nuachtán i gcoinne an pholaiteora Charles Steward Parnell, gur ghnóthaigh seisean gnaoi an phobail. Ansin thaobhaigh an Freeman leis freisin. Thacaigh leis go fiú nuair a bhris an scannal amach fo chaidreamh adhaltrach Pharnell la Katherine O'Sea. D’athraigh a chóta arís áfach ar n-éirí an mhóraimh i gcoinne Parnell agus iar dteacht chun cinn páipéir nua frith-Pharnell, an *National Press* (tá trácht mhór ar Pharnell sa scéal Lá an Eidhneáin i Seomra an Chiste).

17 **ealaín na laindéar ndraíochta:** Chuireadar roinnt cáinteoirí i leith fíoracha na Maighdine Muire ar Chnoc Mhuire i 1879 gur cur i gcéill a bhí iontu a rinneadh la teilgeoir pictiúr.

18 **foirm cúigín:** fear amháin i lár an chomhluadair agus ceathrar fir eile timpeall air i bhfíor croise.

19 **déantóir mhaor na cathrach:** feitheoir arna toghchánaibh maoir

20 **Óir is glice clann an tsaoil seo ná clann an tsolais:** Lucais, caibidil 16, línte 8-9, aistriúchán Uilliam Uí Domhnaill (1601). Tá sé tugtha go míchruinn ag n Athair Purdon: deir seisean “ionas an tráth a éagfaidh sibh”. Is é atá scríofa sa Bhíobla, “ionas an tráth bheas uireasa oraibh”. Is leor línte 1-11 a léamh chun an chomhthéacs ar fad a thuiscint.